Athbhreithniú Polasaí i dtaobh Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta(O.C.G.)

Gairmscoil na bPiarsach

Baineann an polasaí le:
Scoláirí, tuismitheoirí, foireann teagaisc agus bainistíocht na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin.

Is ar tuismitheoir/caomhnóir an pháiste atá an príomhdhualgas i leith Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta. Ról comhlánach atá ag an scoil sna cúrsaí sin.

Cúis
Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta curtha san áireamh mar chuid de pholasaí ginearálta den Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte(O.S.P.S.) chun caidrimh a chur chun cinn ina bhfuil dínit an duine lárnach.

Aidhmeanna
- Cabhrú le tuismitheoirí oideachas a chur ar a bpáistí san ábhar seo.
- Forbairt scoláirí a spreagadh i dtreo caidrimh atá measúil.
- Cabhrú le scoláirí tuiscint agus scileanna a shealbhú atá riachtanach le cairdis freagracha a dhéanamh.
- Scoláirí a spreagadh chun staonadh agus féinsmacht a chleachtadh maidir le gnéas de, mar réamhriachtanas d'fhorbairt iomlán an duine.
- Ábaltacht a thabhairt do scoláire dearcadh agus luacha a fhorbairt i leith a gcuid gnéasachta, i gcomhthéacs mórálta, spioradálta, agus sóisialta a thagann le meon .
- Spreagadh do scoláirí luach agus fiúntas shaol na clainne a thuiscint, agus freagrachtaí tuismitheora a thuiscint.
- Cabhrú le scoláirí scileanna a fhorbairt chun glacadh le brú, coimhlint agus bagairtí ar shábháilteacht phearsanta.
- Tuiscint a thabhairt ar fhorbairt dhearcadh dearfach pearsanta, agus scileanna chun féin luach a thógáil.

Ábhar
- Déanfar teagasc in Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i nGairmscoil na bPiarsach le comhoibriú tuismitheoirí/caomhnóirí agus le tacaíocht na scoile.
- Níl aon riachtanas ar aon tuismitheoir go mbeadh a mhac/iníon rannpháirteach san Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta. Más toil leis na tuistí a bpáistí a bheith as láthair agus ábhair ar leith á bplé, beidh orthu é sin a chur in iúl don Phríomhoide i scríbhinn agus maoirseacht a chur ar fáil dá bpáistí i rith na gceachtanna sin.

- Múinfear an clár O.C.G. i nGairmscoil na bPiarsach i gcomhthéacs a léiríonn dínit an duine, le meas ar an gcorp daonna a bheith beannaithe agus luachmhar.

- Is mórálтacht bunaithe ar luachanna agus prionsabail na Críostaíochta a úsáidfear sa mhúinteoireacht.
- Ba cheart fealsúnacht an pholasaí seo a bheith i bhfeidhm le haon mhúinteoireacht traschuraclaim den Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta.
- Cuirfear na hacmhainn mhúinteoireachta Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí, le scrúdú sa scoil.

Rúndacht:

Is é polasaí na scoile é go gcaithfidh múinteoir dul i gcomhairle láithreach leis an bPríomhoide nó leis an gComhairleoir Treorach má mheastar gur amhlaidh go bhfuil dalta i mbaol mí-úsáide de chineál ar bith nó ag sárú an dlí.

Tá an méid seo leanas ina pholasaí scoile chomh maith:
a) ná gealladh múinteoirí rúndacht gan choinníoll;
b) bíodh a fhios ag na daltaí go bhféadfaí eachtra ar bith a chur in iúl don bPríomhoide nó do thuismitheoirí, b'fhéidir, má chineann an Príomhoide go bhfuil sé chun leasa an dalta é a chur in iúl do thuismitheoirí;
c) baineadh múinteoirí feidhm as a mbreithiúnas proifisiúnta chun a chinneadh ar chóir an rún a choinneáil tar eis dóibh an t-eolas a chloisint.

Maidir le cursaí cosanta leanaí,ní mhór tagairt a dhéanamh de chaibidil 4(Tuairisc a thabhairt ar ábhar imní agus ról Fheidhmeannacht na seirbhíse sláinte) de nósanna imeachta maidir le caomhnú leanaí i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna.(Cóip le fáil ón scoil nó ó suiómh idirlíon na scoile ag gairmscoilnabpiarsach.com)

Feidhm a bhaint as as aoi-chuairteoirí

a) Is é polasaí na scoile é gur fearr an chuid is mó den chlár OCG a phlé go hoscailte le múinteoirí a bhfuil aithne ar na daltaí orthu agus muinín acu as/aisti. Is féidir le cuairteoirí caighdeán an tsoláthair a fheabhsú, áfach, chomh fada agus a úsáidtear iad i dteannta chláir phleanáilte OCG, ní ina ionad.
b) Cuirfidh an Comhordaitheoir OSPS cóip den pholasaí OCG seo ar fáil don chuairteoir i bhfad roimh an gcuairt. Tar éis faomhadh a bheith faighte ón bPríomhoide don chuairt cuireann an t-eagraithoir éiteas na scoile agus modh chur i láthair an chláir OCG in iúl don chuairteoir.
d) Chun eolas beacht a thabhairt don chuairteoir faoi riachtanais an ghrúpa agus chun an leas is fearr a bhaint as an am a bhfuil an cuairteoir ag dul ag caitheamh leis seo is inmholta an rud é ceisteanna a leagadh amach roimh ré agus iad seo a

chur ar aghaidh chuig an gcuairteoir. Cuimseoidh sé seo na daltaí sa chuairt agus cruthófar eispéireas níos ábhartha dóibh– éascaíonn sé an phleanáil chomh maith.
e) Ba cheart an Oifig a chur ar an eolas faoin dáta agus faoi ainm an chuairteora.

Homaighnéasachas

Ní chuireann na múinteoirí chun cinn aon stíl bheatha mar an t-aon stíl bheatha atá inghlactha sa sochaí agus dá bhrí sin tá sé dosheachanta agus tá sé nádúrtha go ndéanfar an homaighnéasachas a phlé i rith chláir oideachas gnéasachta. Ceann de na buntáistí a bhaineann le ceisteanna maidir leis an homaighnéasachas a chíoradh is ea go dtugann sé deis tuairimí agus teoiricí bréagacha a cheartú agus tabhairt faoin réamhchlaonadh. Ba cheart go mbeadh an plé faoin homaighnéasachas aois-oiriúnach do na daltaí.

Frithghiniúint

Déileálfar leis an topaic seo i mbealach aois-oiriúnach, oscailte agus breithneofar gach gné de na ceisteanna i mbealach neamhthreorach.

Riachtanais Speisialta

B'fhéidir go mbeadh páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu i ngátar cabhrach níos mó ná mar a bheadh páistí eile agus iad ag éirí aníos agus ag déileáil leis na gnéithe fisiciúla agus mothúthánacha de sin. Tharlódh go mbeidís, chomh maith, i ngátar cabhrach níos mó agus iad ag foghlaim na saghasana iompraíochta atá inghlactha nó nach bhfuil, agus dá n-ullmhú agus dá gcur ar a n-aire in aghaidh mí-úsáide ag daoine eile.

Cur i bhfeidhm

Beidh an polasaí seo curtha i bhfeidhm ag an bpríomhoide, múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí.

Eagróidh Coiste na dTuistí/Bainistíochta na scoile oícheanta eolais ó am go chéile le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí san oideachas seo.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ag tús an scoilbhliain 2016/17 nó níos tuisce má gá.
Foafa ag Bord bainistíochta Ghairmscoil na bPiarsach, Rosmuc ar an …….

Siníthe……
Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta